

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bheis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais agus cóipcheart go soiléir.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dlíteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2011**

Focal Factory agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.

Aidhm 3: Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

Thug OSFC tosaíocht i 2010 do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar go leanúnach don phobal i gcoitinne agus don fhoireann. Léirítear thíos an dul chun cinn is mó a rinneadh maidir le feidhmeanna na hOifige a fheidhmiú agus le seirbhísí na hOifige a sholáthar.

Fo-aidhm 3.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú go Críonna

Foireann

I dtús na bliana 2010 b'ionann agus 49.7 líon foirne na hOifige (a gcoibhéis de phoist lánaimseartha) i gcomparáid leis an 51 a bhí ceadaithe. Cuireadh beirt Gharda breise ar iasacht chuig an Oifig i lár 2010 tar éis don Stiúrthóir Gardaí breise a iarraidh ar Choimisinéir na nGardaí chun tacú leis an imscrúdú a bhí á dhéanamh ar Anglo Irish Bank.

B'ionann agus 50.8 (a gcoibhéis de phoist lánaimseartha) líon na foirne iarbhrí an 31 Nollaig 2010, tar éis cuirtear san áireamh dul ar scor duine den foireann i rith na bliana. In **Aguisín 3.1.1** tá briseadh síos maidir le foireann na hOifige ag ceann na bliana.

Acmhainní Airgeadais

Is trí Fho-mhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta) a maoiníodh costais riaracháin na hOifige i 2010. Tá achoimre na suimeanna a dáileadh agus a caitheadh faoi na príomh-cheannteidil Phá agus Neamhphá i bhFho-mhírcheann A09 in eineacht le foráil costais dlíthiúil OSFC as Fo-mhírcheann X02 sa tábla a leanas.

Fo-mhírcheann A09, Vóta 34	2010 Cionroinnt (€000anna)	2010 Caitheachas (€000anna)
Pá	2,579	2,625
Neamhphá	3,507	1,049
Fo-mhírcheann A09	6,086	3,674
Fo-mhírcheann X02, Vóta 34	34	-
Fo-mhírcheann Iomlána A09/X02	6,120	3,674

Ba íslíú de thart ar 37% ar an mbreis is €5.8 milliún a caitheadh i 2009 an €3.7 milliún nach mór a caitheadh i 2010. Ach ba é méideanna móra na gcostas dlíthiúla⁵¹ a íocadh dhá uair i 2009 ba chionsiocair le hardleibhéal caiteachais na hOifige sa bhliain sin agus ní raibh a mhacasamhail d'ardchaiteachas i 2010. Tá mion-bhriseadh síos ar chaiteachas na hOifige i rith na bliana i gcomparáid leis an dá bhliain a chuaigh roimpe in **Aguisín 3.1.2**.

D'éirigh leis an Oifig srian a chur ar an gcaiteachas in go leor réimsí mar fhreagra ar iarratas an Rialtais go mbeadh an caiteachas neamhphráinneach cosúil le fógraíochta chomh teoranta agus ab fhéidir. Toisc an oiread brú a cuireadh ar an Oifig i dtaca le cúrsaí maoinithe chuathas sa tóir ar bhealaí nuálacha eile chun an sainchúram i leith comhlíontais agus forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh ar mhodh a bheadh éifeachtúil ó thaobh costais de. Sampla de sin ba ea clárúcháin na hOifige le Facebook agus le Twitter i 2010.

Meáitear go cúramach roimh ré freisin cé acu arbh fhiú nó nárbh fhiú don Oifig ó thaobh luach ar airgead de freastal a dhéanamh ar aon imeacht atá ar na bacáin. Chomh maith leis sin déanann foireann na hOifige measúnú ar gach imeacht i ndiaidh di bheith críochnaithe féachaint an molfar freastal a dhéanamh ar imeacht inchoimparáide dá leithéid an bhliain dar gcionn.

Tríd is tríd tá an Stiúrthóir sásta go bhfuarthas luach ar chaiteachas na hOifige uair amháin eile i 2010 an clár suntasach oibre atá aici curtha san áireamh.

Tomhaltas Fuinnimh

Tionscnamh de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann i gcéadair ach anois ní mór do na comhlachtaí poiblí uile tosú ar shonraí maidir le tomhaltas fuinnimh a sholáthar ina gcuid tuarascálacha bliantúla. Bhí Clár Oibre Glas ag OSFC chun tomhaltas fuinnimh, ábhar agus uisce a laghdú ó 2008 i leith agus lean an fhoireann leo i 2010 ag fónamh do na riachtanais atá liostaithe sa chláir sin. Mar shampla múchtar gach a bhfuil ann de shoilse agus d'innealra san Oifig (cé is moite de roinnt gléasanna faics) gach tráthnóna agus athraíodh an sceideal maidir le haeroiriniú agus teas d'fhonn laghdú a dhéanamh ar théamh/fhuarú neamhriachtanach spás oifige.

Spreagtar an fhoireann chun páirt a ghlacadh sa scéim cháinéifeachtúil maidir le ceannach ticéad bliantúil iompair phoiblí agus tá sé de pholasaí ag an Oifig úsáid a bhaint as iompar poiblí le haghaidh gnó oifigiúil más iomchuí.

⁵¹ Bhain siadsan le costais imscrúdúcháin a thabhaigh an Cigire Ard-Chúirte a ceapadh ar iarratas OSFC chun cúrsaí airithe ag DCC plc, Lotus Green Ltd. agus S&L Investments Ltd. a fhiosrú agus le costais a dhámh an Chúirte Uachtarach in aghaidh na hOifige i gcaingean dícháiliúcháin a d'escair as Tuarascáil na gCigirí i leith National Irish Bank.

Baineann roinnt ball foirne san Oifig áis freisin as Scéim Rothair Bhaile Átha Cliath agus iad ag dul go nó ag teacht ó cruinnithe.

Ina theannta sin foilsíonn an Oifig roinnt dá cuid ábhar i bhfoirm leictreonach amháin d'fhonn úsáid ábhar páipéir agus priontála agus na costais bhainteacha a laghdú. Sampla de sin is ea an Tuarascáil Bhliantúil seo.

I 2010 chláraigh OSFC uimhreacha MPRN agus GPRN maidir le húsáid aibhléise agus gháis faoi seach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Maidir le húsáid fuinnimh a mhéadrú ní mhéadraítear faoi láthair ach an úsáid san fhoirgneamh iomlán ina bhfuil an OSFC agus roinnt tionóntaí eile de chuid an Stáit ag feidhmiú. I rith na bliana 2010 chuaigh an OSFC i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) a bhfuil léas acu ar an bhfoirgneamh maidir le gléasanna méadráithe úsáide fuinnimh a shuiteáil le haghaidh tionóntaí aonair ach ag ceann na bliana ní raibh sin fós déanta. Go dtí go ndéanfar ní bheidh faisnéis shonrach ar fáil ar úsáid fuinnimh OSFC. Táthar i mbun comhairliúchán leanúnach leis an OOP agus le SEAI maidir leis sin.

Forbairt Eagraíochtúil

I 2010 bhí Painéil Chuntasaíochta agus Dlí ina raibh ainmneacha daoine nó gnóthas ar mhian leo go gcuirfí san áireamh iad sa chás go mbeadh saineolaithe á sannadh do thascanna iomchuí á gcoinneáil chun dáta ag OSFC. I rith na bliana d'fhoilsigh an Oifig glao nua ar Fhógraí Sainspéise ar an suíomh idirlín agus cuireadh roinnt daoine breise ar na Painéil i rith na bliana⁵². Beidh na Painéil sin oscailte gach tráth d'iaratasóirí ar mian leo seirbhísí cuntasaíochta agus dlí a sholáthar don Oifig.

Plean Gnímh um Bainistiú Baoil

I 2010 rinne OSFC athchóiríú agus uasdátú ar phleananna na hOifige maidir le bainistiú baoil i gcomhchomhairle leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

Fo-aidhm 3.2: Foireann a Fhorbairt

Oiliúnt agus Bainistiú Feidhmíochta

Bíonn Bainistiú Feidhmíochta ar bun ar fud na Ranna agus na nOifigí Rialtais uile agus is í OSFC a chuireann i bhfeidhm é gach bliain. Cinntítear leis go mbíonn rólanna na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ailínithe le cuspóirí foriomlána na hOifige. Ina theannta sin nascann sé clár agus caiteachas oiliúna na hOifige go díreach le ról gach ball foirne.

I 2010, cuireadh 95 lá oiliúna ar fáil do bhaill foirne OSFC (120 lá i 2009). Soláthraíodh 46 lá oiliúna as acmhainní inmheánacha OSFC do 12 bhall foirne i 2010. Ina theannta sin chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta 49 lá oiliúna breise ar fáil do 26 ball foirne OSFC.

I 2010 chuaigh OSFC sa tóir ar bhealaí chun costais oiliúna a laghdú gan aon íslíú ar chaighdeán. B'fheasach di go raibh ceangail fosta ar an bhfoireann chuntasaíochta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) arna leagan síos ag na comhlachtaí gairmiúla lena mbaineann nárbh bhfoláir cloí leo chun an saineolas gairmiúil acu a choinneáil slán. D'admhaigh an Oifig freisin go raibh foireann dlí coibhéise in RFTN, OCC, in UMICE (Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann) agus san Údarás Iomaíochta agus go raibh a macasamhail de cheangail FGL orthu sin.

Ar moladh ón OSFC inar ainmníodh oiliúint FGL a bheadh oiriúnach do na foirne dlí sin uile chuaigh Aonad Oiliúna na Roinne i mbun socrúithe chun cúrsa lántiomnaithe a sholáthar i mí an Mheithimh 2010; d'fhreastail lucht gairmiúil ó na cúig chomhlacht ar an gcúrsa. D'fhóin an tionscnamh sin chun caiteachas iomlán an Stáit ar riachtanais oiliúna FGL na bhfoirne sin i 2010 a laghdú.

Obair Mheithealbhunaithe

D'oibrigh foirne ildisciplíneacha ar bhonn leanúnach laistigh de OSFC chun méid mór de chásobair éagsúil na hOifige i réimsí an bhraite, an fhorfheidhmithe agus na dócmhainneachta a láimhseáil. In **Aguisín 3.2.1** tá léiriú pictiúrtha ar na páirt a d'imir baill foirne OSFC de réir réimse feidhme.

Faoi Alt 13(1) den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001 rinne an Stiúrthóir cúig cinn d'ionstraim tharmligin i 2010 ag tarmligeán go foirmeálta ceann amháin nó níos mó dá chumhachtaí dlíthiúla do bhaill foirne sonraithe na hOifige. Bhain dhá cheann de na hionstraim le leasuithe ar ionstraim a bhí ann cheana agus tugadh trí cinn do bhaill foirne a bhí ainmnithe as an nua chun gníomhú thar ceann an Stiúrthóra.

Fo-aidhm 3.3: Seirbhísí Custaiméara a Fheabhsú

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

Chuir OSFC acmhainní nach beag i leataobh ar bhonn leanúnach i 2010 chun teicneolaíocht a fhorbairt agus a úsáid i ndáil le soláthar seirbhísí do chustaiméirí. Ar na seirbhísí sin áirítear:

- faisnéis maidir le dlí na gcuideachtaí agus maidir le cúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh chomhlíonta eile arna gcur ar fáil ag foireann na hOifige; léirítear na sonraí thuas sa Tuarascáil seo;
- áis trínar féidir gearáin a dhéanamh i gcás amhrais faoi mhí-iompar corparáideach;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúchóirí, leachtaitheoirí agus páirtithe leasmhara eile tuairisc a chur chuig an Oifig in imthosca áirithe;

52 Féach http://www.odce.ie/ga/media_general_publications_article.aspx?article=9e4d3ef5-660d-4d6c-a350-0df140f8a6eb

- cúnaimh ginearálta a thairgtear do chliant na hOifige ar an bhfón, trí chomhfhreagras, le ríomhphost, etc. Mar shampla tugadh freagra pras ar 464 iarratas a cuireadh chuig cuntas na hOifige info@odce.ie i rith na bliana (586 i 2009). Faoi mar a thuiriscítear thuas sa Tuarascáil seo bhain 226 de na hiarratais sin le comhlíontas.

Mar iarracht poitéinseal na meán nua a thabhairt faoi stiúir chláraigh OSFC i 2010 le idir Facebook agus Twitter; tá an leathanach Facebook ar fáil faoi 'Office of the Director of Corporate Enforcement' agus tá an cuntas Twitter faoi 'ODCE'. Go dáta níor bhain ach méid beag daoine úsáid as na meán sin (m.sh. 33 leantóir i gcás Twitter) ach tá súil leis go mbeidh fás ar líon na n-úsáideoirí de réir mar a fhorbrófar na huirlisí cumarsáide sin. Déanfar athbhreithniú ar na meán sin ar bhonn leanúnach.

Is éard atá i gceist leo sin gníomhaíochtaí na hOifige maidir le comhlíontas agus le forfheidhmiú a aibhsiú go háirithe trí phoiblíocht a thabhairt do chomhdhálaigh, do chainteanna, do thaispeántais agus d'imeachtaí eile a mbeidh OSFC ag freastal orthu agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le cásanna Cúirte atá réamhshocraithe nó críochnaithe.

Suíomh Idirlín

Taifeadh 192,712 cuairt ar shuíomh idirlín OSFC i 2010; is titim é sin de 16% ar an bhfigiúr cóibhéiseach 230,469 i 2009. Maidir le figiúr na bliana 2009 ba é an líon cuairteanna ab airde a taifeadh riamh ar an suíomh. Taifeadh 73,972 cuairteoir leithleacha sa bhliain 2010; thug 63,238 díobh sin cuairt ar an suíomh níos mó ná uair amháin.

Liostaítear in **Aguisín 3.3.1** an 20 leathanach ba mhínice a bhreathnaigh cuairteoirí ar an suíomh idirlín orthu i 2010. Tríd is tríd breathnaíodh ar leathanaigh 578,862 uair de réir taifid i rith na bliana. Ba lú ná 2% an trácht idirlín a bhain le leathanaigh Gaeilge an tsuímh a bhfuil fáil orthu ag www.osfc.ie.


Bhain cuairteoirí go dtí an suíomh idirlín úsáid as áis chuardaigh ar an suíomh 17,855 uair.

Ar ábhar nua a cuireadh ar fáil ar an suíomh idirlín i 2010 áirítear na nithe a leanas:

- na ceithre fhoilseachán nua de chuid na hOifige a léirítear in **Aguisín 1.1.1** den Tuarascáil seo;



Cuairteanna ar Suíomh Gréasáin OSFC 2009/2010



- ionstraimí reachtúla nua a bhaineann le dlí na gcuideachtaí in Éirinn;
- cóipeanna de láithreoireachtaí áirithe a rinne foireann na hOifige le lucht gnó agus gairme agus le páirtithe leasmhara gaolmhara;
- preasráitis, airteagail, fógraí, etc. arna n-eisiúint ag an Stiúrtóir agus ag baill foirne eile agus
- torthaí cásanna Cúirte inar ionchúisigh an Stiúrtóir daoine i gcásanna ina raibh amhras faoi shárú dlí nó dualgais faoi Achtanna na gCuideachtaí agus cinní eile Cúirte a bhain le dlí na gcuideachtaí.

Ag deireadh na bliana 2010 bhí 926 custaiméir cláraithe ar liosta na ndaoine a gcuirfead fógraí chucu faoi fhaisnéis nua a fhoilseofar ar an suíomh idirlín (891 ag deireadh 2009).

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Tá taifid uile na hOifige (seachas taifid a bhaineann leis an riarachán ginearálta) díolmhaithe ó na hAchtanna um SF. I rith na bliana 2010 fuair OSFC ceithre iarratas ar thaifid na hOifige a bhain lena cuid oibre. Bhí dhá cheann de na hiarratais líonta amach mar is cuí de réir na hAchtanna um SF; géillleadh d'iarratas amháin ina iomláine. Tarraingíodh an dara iarratas siar i ndiaidh don Oifig a chur in iúl don iarratasóir nár tháinig faoi raon feidhme na hAchtanna ach taifid riaracháin dá cuid. Maidir leis an dá iarratas a bhí fágtha níor cuireadh leo an táille atá leagtha síos agus dá bhrí sin níorbh fhéidir déileáil leo faoi na hAchtanna um SF.

Ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta chuir an Oifig ar fáil don Roinn roinnt faisnéise staitistiúla maidir le riarachán na hOifige a chuir ar a cumas freagra a thabhairt ar cheithre iarratas faoi na hAchtanna um SF.

Achtanna um Chosaint Sonraí

Choinnigh OSFC léi i 2010 de bheith cláraithe mar rialaitheoir sonraí le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus faoi ionstraimí reachtúla gaolmhara tá cosaint ar úsáid mhíchuí nó ar nochtadh faisnéise ar bith a choimeádtar faoi dhuine aonair; chomhlíon OSFC go leanúnach na ceangail a bhí uirthi sa réimse sin. Tá na ceangail sin comhsheasmheach le diancheanglais na hOifige féin maidir le rúndacht atá in Alt 17 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Fóraitear faoin Acht um Íoc Pras Cuntas d'íocaíocht úis le soláthraithe a mbíonn a gcuid sonrasc gan bheith íoctha ar an dáta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh fháil an tsonraise). Sna cúinsí eacnamúla atá ann faoi láthair ina bhfuil an sreabhadh airgid rithábhachtach do ghnó is é polasaí an Rialtais soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear sonrasc.

Cloíodh le polasaí na hOifige na sonraisc uile a íoc go tráthúil laistigh den tréimhse 15 lá atá leagtha síos. Mar sin níor gearradh i 2010 aon pionóis úis maidir le híocaíochtaí OSFC faoin Acht um Íoc Pras Cuntas.

An Comhlíontas i leith Caighdeáin Chomhaontaithe Seirbhíse Custaiméara

D'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar chineál na hoibre a dhéanann OSFC nach gcuirfeadh gearánaithe agus daoine eile a mbíonn ar OSFC plé leo fáilte roimh an bplé céanna nó nach mó ná sásta a bheadh siad le cinnteoireacht na hOifige tríd is tríd. In ainneoin sin agus uile tá sé de rún ag OSFC seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball pobail a bhíonn ag déileáil léi. Is codanna den phróiseas sin na seirbhísí i leith aiseolais agus gearán atá ar fáil ar an suíomh idirlín.

Ní fuair an Oifig ach méid beag gearán maidir le seirbhísí custaiméara i 2010; is fiú trácht a dhéanamh ar dhá cheann acu. I gcás amháin ghearáin duine aonair a bhí dícháilithe chun gníomhú mar stiúirhóir agus a raibh deireadh tagtha le deireanas lena thréimhse dhícháiliúcháin go raibh a ainm fós foilsithe ar shuíomh idirlín OSFC a ndearnadh plé ar an gcás. Chuaigh an OSFC i mbun gnímh láithreach agus bhain ainm an ghearánaithe ón airteagal ábhartha ar an suíomh idirlín. Rinneadh an cinneadh freisin athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an suíomh idirlín chun ainmneacha daoine a raibh deireadh tagtha lena dtréimhsí srianta nó dícháiliúcháin a bhaint de scéalta na hOifige i leith seanchásanna san Ard-Chúirt a bhain leis na daoine céanna. Níl sé i gceist áfach go ndéanfaidh an Oifig athrú ar thagairtí do thorthaí na gcásanna sin i Seantuarascálacha Bliantúla OSFC ar an mbonn gur doiciméid fhoirmeálta atá iontu a ullmhaíodh don Aire agus a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais de réir ceanglas dlí.

Sa dara cás fuair an Oifig ríomhphost ó bhall den phobal nár tugadh freagra dá ghlaoch teileafóin. Rinneadh imscrúdú agus fuarthas amach go raibh fadhb theicniúil leis an lasc-chlár. Réitíodh an fhadhb agus cuireadh an toradh in iúl don chustaiméir. Is cúis áthais an t-aiseolas a fuarthas maidir le feidhmíocht na seirbhíse custaiméara agus bhí sé thar bheith thairbhíúil de bhrí gur chuir sé fadhb theicniúil nárbh fheasach dóibh bheith ann ar a súile do lucht na hOifige.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I gcomhréir le gealltanais a rinne OSFC sa Scéim a cuireadh isteach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla méadaíodh méid na faisnéise i nGaeilge a chuirtear ar fáil ar shuíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie i 2010 d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí do na custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Tríd is tríd is beag éileamh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge ó OSFC cé go bhfuil OSFC ag comhlíonadh a gealltanais faoin Acht.

Conclúid

Ag cur san áireamh na dúshláin dheacra ar thug an Oifig agus an Stát ina iomláine aghaidh orthu i 2010 tá an Stiúirhóir sásta gur thug an Oifig uair amháin eile luach an-mhaith ar infheistíocht an Stáit sa chomhlíontas agus san fhorfheidhmiúchán i leith dhlí na gcuideachtaí.

Ionchas

Beidh cúrsaí díreach chomh dian i 2011 is a bhí siad i 2010.

Is ar imscrúduithe Anglo is mó a bheifear ag díriú sa chuid eile den bhliain atá romhainn amach.

Dá mhéad dá raibh ann de thuarascálacha leachtaitheora ar fheidhmiúchán cuideachtaí dócmhainneacha i 2010 meastar go mbeidh an oiread céanna ann i 2011 mura mbeidh níos mó. Go deimhin, dealraíonn sé go bhfuil roinnt de na cuideachtaí i gceist ag dul i méid agus i gcastacht. Beidh dúshlán bhreise ann dá réir a gcaithfidh leachtaitheoirí agus foireann OSFC aghaidh a thabhairt orthu le linn dóibh a ndualgais faoin dlí a chomhlíonadh.

Tá sé i gceist obair na hOifige maidir le comhlíontas, le brath agus le forfheidhmiú i gcoitinne a choinneáil ar an leibhéal céanna ar a laghad agus bainistíú críonna a dhéanamh go leanúnach ar acmhainní airgeadais agus foirne na hOifige mar atá siad faoi láthair.

Beidh an Stát ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán eacnamúla an-mhór sa tréimhse seo ach tá freacnaircíú dlí beartaithe agus tá OSFC ag súil leis go gcuirfear sin chun cinn d'fhonn muinín an náisiúin a spreagadh agus an acmhainn atá ann chun an ceann is fearr a fháil ar na tosca dúshlánacha a thiofadh chun cinn amach anseo a shlánú. Is fiú trácht a dhéanamh ar thrí bheart faoi leith.

Ar an gcéad dul síos, cuirfear fáilte leis an bhfoilseachán atá beartaithe a dhéanamh chun críche comhairliúcháin i 2011 de dhréacht 'Cuid A' den Bhille um Chomhdhlúthú na gCuideachtaí. Má fheictear go bhfuil na hathchóirithe dlíthiúla atá beartaithe ag déanamh difear do chuideachtaí príobháideacha atá faoi theorainn scaireanna, cuideoidh sin le cuideachtaí, leis an lucht gairmiúil agus le rialaitheoirí cosúil le OSFC tús a chur le measúnú ar luach agus ar phraiticiúlacht na mbeart freacnaircithe sa dhréacht-Bhille.

Ar an dara dul síos, gheall an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí athchóiriúchán reachtach i réimse choiriúlacht an bhóna bháin. Tá an Oifig ag tnúth le scrúdú a dhéanamh ar na moltaí aige toisc go bhfuil seans ann go bhféadfaí an t-ualach oibre maidir le bailiúchán fianaise agus le himscrúdúchán a laghdú gan bhunchearta an duine aonair a chur i mbaol.

Ar an tríú dul síos, is léire ná riamh gur gá an dlí a bhaineann le féimheacht phearsanta a athchóiriú, rud a mhol an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le deireanas. Ach measúnú a bheith déanta ar iompar fiontraíthe ó thaobh ionrachais agus freagrachta de faoi Achtanna na gCuideachtaí sa chuideachta loicthe, is minic an bealach oscailte dóibh gnó nua a chur chun cinn ina ról mar stiúrthóirí cuideachta. Má tharlaíonn go ndéantar féimheach den fhiontraí mar gheall ar ráthaíochtaí a tugadh chun an chuideachta loicthe a bhunú áfach, d'fhéadfadh sé go gcuirfear toirmeasc air nó uirthi gnó nua a bhunú beag beann ar a c(h)iontaíl maidir leis an loiceadh na fiacha pearsanta sin a íoc ar ais. Mar achoimre, thacódh sé le dúdhícheall fiontraíochta úrnua rud a bheadh athnuachan eacnamúil náisiúnta ag brath air go bunúsach dá dtabharfaí isteach tástáil 'ionrachais agus freagrachta' i ndlí féimheachta pearsanta.

Mar a rinne sí roimhe seo tráth a ndearna sí stocaireacht chun forálacha maidir le faisnéisiú briseadh dlí agus maidir le comhlíontas stiúrthóirí a chur sa reachtaíocht náisiúnta, déanfaidh OSFC a cion i gcónaí chun ardchaighdeán rialachais chorparáidigh sa Stát a spreagadh. Is tábhachtaí ná riamh an cháil náisiúnta a ghnóthú ar ais in gach réimse den bhainistíocht eacnamúil.